2026/2213

30.9.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2213 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 29 Meán Fómhair 2026

lena gceaptar Ceann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/3/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES ón gComhairle an 25 Samhain 2005 maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a bhunú ([1]), agus go háirithe Airteagal 10(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 10(1) de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES, údaraítear an Coiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh maidir le Ceann Misin a cheapadh.

(2) An 22 Meán Fómhair 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/2157 ([2]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Nataliya APOSTOLOVA mar Cheann Misin EU BAM Rafah, ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

(3) An 28 Meán Fómhair 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/2190 ([3]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EU BAM RAFAH ón 1 Deireadh Fómhair 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

(4) An 11 Lúnasa 2026, mhol Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála Vittorio STINGO a cheapadh ina Cheann Misin ar EU BAM Rafah ón 1 Samhain 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

(5) Agus faisnéis a chuir Iosrael agus Údarás na Palaistíne ar fáil á cur san áireamh, ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le Vittorio STINGO a cheapadh ina Cheann Misin ar EU BAM Rafah ón 1 Samhain 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceaptar Vittorio STINGO ina Cheann Misin ar Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) ón 1 Samhain 2026 go dtí an 30 Meitheamh 2027.

([1]) IO L 327, 14.12.2005, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/joint_action/2005/889/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2026/2157 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 22 Meán Fómhair 2026 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (EU BAM Rafah/2/2026) (IO L, 2026/2157, 24.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2157/oj).
([3]) Cinneadh (CBES) 2026/2190 ón gComhairle an 28 Meán Fómhair 2026 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES maidir le Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh a bhunú do Phointe Trasnaithe Rafah (EU BAM Rafah) (IO L, 2026/2190, 29.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2190/oj).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le bailíocht Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2005/889/CBES tar éis an 30 Meán Fómhair 2026.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD